

Fís 07 - Agallaimh le ‘Nuachainteoírí’ ón gCatalóin go dtí an Clár

Gníomhaíocht 1 – Meaitsáil:

- Déan iarracht na leaganacha Gaeilge agus Béarla thíos a mheaitseáil le chéile.
- Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.
- Féach/Éist leis an mír físe agus féachaigí ar na freagraí arís.

Lochlannach	Influence
tionchar	basically
buiséad	budget
aicsean	decision
pléascán	Scandinavian
go bunúsach	action
lárnach	explosive
cinneadh	competition
trodach	central
iomaíocht	quarrelsome

Gníomhaíocht 2 – Ceisteanna Ginearálta::

- Féach/Éist leis an mír físe faoi dhó agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.
 - Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.
1. Cén sórt saothair é An Bronntanas?
 2. Céard a d’imir tionchar ar an tsraith seo?
 3. Cén fáth nach raibh siad in ann trí chlár déag a dhéanamh?
 4. Cad a fhaigheann siad ar an mbád oíche na stoirme?
 5. Cén sórt duine é JJ?

Gníomhaíocht 3 – Líon na Bearnaí:

Féach/Éist leis an mír físe arís agus déan iarracht na bearnaí seo a líonadh.

- 1) Bhí sé _____ dá mbeadh sé _____ againn trí chlár déag a dhéanamh.
- 2) Cuireann a mháthair _____ dó go bhfuil sé _____ air fanacht.
- 3) Dar ndóigh déanann siad an _____ mícheart agus titeann _____ as chuile shórt ina dhiaidh sin.
- 4) Táimid san _____ leis an drámaíocht is fearr atá ann, mar atá chuile dhuine sa _____ ann.
- 5) Bhí sé faoi _____ na scéalta _____, ach ní úsáidimid an focal sí in aon áit ann.